TREOIR CHUN ÚSÁID A BHAINT AS

# BUNACHAR SONRAÍ NA gCÁILÍOCHTAÍ EACHTRACHA

## Maidir leis an Treoir seo

Cuirtear faisnéis ar fáil sa treoir seo maidir le cáilíochtaí eachtracha agus an dóigh le comhairle aitheanta a fháil in Éirinn. Taispeánfar duit inti an dóigh le húsáid a bhaint as Bunachar Sonraí Cáilíochtaí Eachtracha NARIC na hÉireann.

## NARIC na hÉireann

Soláthraíonn NARIC na hÉireann comhairle ar aithint acadúil na gcáilíochtaí eachtracha. Déanfaimid iarracht comparáid a dhéanamh idir cáilíocht eachtrach agus cáilíocht Éireannach de chineál agus leibhéal comhchosúil ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (NFQ as Béarla).

## Bunachar Sonraí Cáilíochtaí Eachtracha NARIC

Cuirtear comhairle agus faisnéis inchomparáideachta ar fáil i mBunachar Sonraí Cáilíochtaí Eachtracha NARIC na hÉireann maidir le cáilíochtaí acadúla. Cuideoidh an fhaisnéis seo leat tuiscint a fháil ar do cháilíocht i gcomhthéacs chóras oideachais agus oiliúna na hÉireann.

Is féidir leis cuidiú le fostóirí, gníomhaireachtaí um maoiniú agus institiúidí oideachais agus oiliúna chomh maith lena dhearbhú an bhfuil cáilíochtaí acadúla ag an iarratasóir do phost, do mhaoiniú nó do chúrsa faoi leith.

## Nach bhfuil an Cháilíocht sa Bhunachar Sonraí?

Mura bhfuil tú ábalta do cháilíocht a aimsiú sa bhunachar sonraí is féidir leat teagmháil a dhéanamh linn le ríomhphost chuig naric@qqi.ie agus déanfaimid ár ndícheall cuidiú leat. Níl oifig phoiblí againn agus ní thabharfaimid freagairt ar do cheisteanna ach le ríomhphost.

TREOIR CHUN ÚSÁID A BHAINT AS

# BUNACHAR SONRAÍ NA gCÁILÍOCHTAÍ EACHTRACHA

naric IRELAND


## CÉIM 1 Cuardaigh an Bunachar Sonraí

CLICEÁIL ANSEO

- Cliceáil isteach sa bhunachar sonraí agus déan cuardach ag baint úsáid as na boscaí anuas.
- Roghnaigh ceann díobh seo a leanas agus brúigh iontráil.

- Country (Tír)
- Type of Education (Cineál Oideachais)

  (Ardoideachas, Breisoideachas (Gairmoideachas agus Gairmoiliúint), Oideachas Scoile)




LÉARÁID 1 – CUARDAIGH AN BUNACHAR SONRAÍ

TREOIR CHUN ÚSÁID A BHAINT AS

# BUNACHAR SONRAÍ NA gCÁILÍOCHTAÍ EACHTRACHA

naric IRELAND


## CÉIM 2 Féach na Torthaí

» Feicfidh tú do thorthaí anois i bhfoirm liosta.

» I Léaráid 2 thíos feicfidh tú na torthaí a fuarthas ar ais don chuardach seo a leanas:

~ Country (Tír) = Ireland (Éireann)


~Type of Education (Cineál Oideachais ) = Higher Education (Ardoideachas)




LÉARÁID 2 – TORTHAÍ AN CHUARDAIGH DON PHOLAINN + ARDOIDEACHAS

## CÉIM 3 | Roghnaigh do Cháilíocht ón liosta agus féach ar Phróifíl na gCáilíochtaí

- Cliceáil ar cháilíocht faoi leith ón liosta agus feicfidh tú Próifíl na gCáilíochtaí (féach Léaráid 3 thíos).
- Tá faisnéis thábhachtach i bPróifíl na gCáilíochtaí faoin gcáilíocht.
- Cuireann sé cáilíocht eachtrach i gcomparáid le cineál agus leibhéal cáiliúcháin ar Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann.
- Cuimsítear sa phróifíl seo chomh maith nasc le Ráiteas ar Inchomparáideacht don cháilíocht sin.




LÉARÁID 3 – PRÓIFÍL NA GCÁILÍOCHTAÍ


TREOIR CHUN ÚSÁID A BHAINT AS

# BUNACHAR SONRAÍ NA gCÁILÍOCHTAÍ EACHTRACHA

NARIC IRELAND

## CÉIM 4 Íoslódáil agus priontáil do Ráiteas ar Inchomparáideacht

» Is féidir an Ráiteas seo ar Inchomparáideacht de leathanach amháin a íoslódáil agus a phriontáil. Cuideoidh sé leatsa agus le d'fhostóirí nó institiúidí oideachais agus oiliúna do cháilíocht a thuiscint.





naric IRELAND

QQI
Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann
Quality and Qualifications Ireland

Advice on Academic Recognition of a Foreign Qualification

Comparability Statement

| | |
|---|---|
| Foreign Qualification: | Ordinary Bachelor Degree<br><br>Awarded by: Institutes of Technology, Quality and Qualifications Ireland, and Universities |
| Country: | Ireland |
| NFQ Award-Type / Level: | Ordinary Bachelor Degree at NFQ Level 7 |

**NFQ LEVEL SUMMARY**

Learning outcomes at Level 7 relate to knowledge and critical understanding of the well-established principles in a field of study and the application of those principles on a field of study and the application of those principles in different contexts. This level includes knowledge of methods of enquiry and the ability to critically evaluate the appropriateness of different approaches to solving problems. The outcomes include an understanding of the limits of knowledge acquired and how this influences analyses and interpretations in a work context. Outcomes at this level would be appropriate to the upper end of technical occupations and would include higher technicians, some restricted professions and junior management.

The recognition **advice provided above** is based on current understandings of the comparability of qualifications on the basis that qualifications are awarded by nationally recognised awarding bodies in their country of origin. The advice given may need to be re-examined in the future on the basis of changes and developments in national and international education and training systems and our knowledge thereof. We welcome feedback on the information provided; feedback should be submitted through the QHelp portal at www.QQI.ie

The advice presented does not represent access to employment, a regulated profession or education and training. The information provided may assist an employer, professional recognition body or education and training provider determine if an applicant holds the qualifications deemed necessary for employment/programme entry. However, final recognition decisions for the purposes of accessing further education and/or employment are made by education institutions, professional recognition bodies and employers.

LÉARÁID 4 – RÁITEAS AR INCHOMPARÁIDEACHT

## TUILLEADH EOLAIS FAOIN OBAIR

NARIC ar fáil anseo

Tabhair cuairt ar www.QQI.ie